



**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**  
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid  
an Mhainéir  
Sráid an Mhainéir  
Baile Átha Cliath 7,  
D07 X320

**HSE National Immunisation Office**  
Unit 8/9 Manor Street Business Park  
Manor Street  
Dublin 7,  
D07 X320

[www.hpv.ie](http://www.hpv.ie)  
[Twitter](#), [Instagram](#),  
[YouTube](#), [LinkedIn](#)

February 2023

## Re: The Laura Brennan HPV Vaccination Catch-up Programme

### Dear Parent, Guardian or Student,

In this letter you will find information about the Laura Brennan HPV Vaccination Catch-up Programme. The HSE is offering young people another chance to protect themselves from HPV, by receiving the HPV vaccine, if they were not vaccinated when they were offered it previously. This opportunity is available in 2023 for eligible people to get the HPV vaccine.

### Who is being offered this vaccine?

The HPV (Human Papillomavirus) catch-up vaccination is being offered to:

- Females (currently in 2<sup>nd</sup> year – 6<sup>th</sup> year) who have not received the HPV vaccine
- Males (currently in 2<sup>nd</sup> year – 4<sup>th</sup> year (5<sup>th</sup> year if they did not do transition year)) who have not received the HPV vaccine

Students (both male and female) currently in 1st year are being offered HPV vaccination this year as part of the routine school immunisation schedule.

### How many doses are needed?

The recommendations of the National Immunisation Advisory Committee (NIAC) about the number of HPV vaccine doses needed has recently changed. Most students only need to receive **one dose** of HPV vaccine (if your child has a weak immune system they will need 3 doses). Please visit [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie) for more information.

### What to do if you/your child has already received the HPV vaccine

If your child has already received at least one dose of the HPV vaccine they do not need another dose of the vaccine. If they have a weak immune system and they did not complete the HPV vaccine course when they were offered it, please contact the school vaccination team.

### How do I get my child/myself vaccinated?

If your child is 15 years old or younger and eligible for the Laura Brennan HPV Vaccination Catch-up Programme you will be able to register your child for vaccination on [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie) from April 2023. We will use social media and other channels to notify people when this option is available.

Young people aged 16 years and over may register themselves for the Laura Brennan HPV Vaccination Catch-up Programme on [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie).

### When will the vaccine be given?

The HSE vaccination team will offer the vaccine to you/your child in an immunisation clinic.

If you have any questions or concerns, members of the school vaccination team are happy to help. The contact numbers for the vaccination teams are available on [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie).

Further information is also available on [www.immunisation.ie](http://www.immunisation.ie) and [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie)

Yours sincerely

**Dr Lucy Jessop**  
Consultant in Public Health Medicine – National Immunisation Lead  
National Immunisation Office  
MRCN 424447



Oifig Náisiúnta Imdhíonta  
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid  
an Mhainéir  
Sráid an Mhainéir  
Baile Átha Cliath 7,  
D07 X320

HSE National Immunisation Office  
Unit 8/9 Manor Street Business Park  
Manor Street  
Dublin 7,  
D07 X320

[www.hpv.ie](http://www.hpv.ie)  
[Twitter](#), [Instagram](#),  
[YouTube](#), [LinkedIn](#)

Feabhra 2023

## Maidir le: Clár Cúitimh Vacsaínithe HPV Laura Brennan

### A Thuismitheoir, a Chaomhnóir nó a Mhicléinn,

Sa litir seo gheobhaidh tú eolas faoi Chlár Cúitimh Vacsaínithe HPV Laura Brennan.

Tá deis eile á thairiscint ag an FnaSS do dhaoine óga iad féin a chosaint ó HPV, tríd an vacsaín HPV a fháil, mura bhfuair siad an vacsaín nuair a tairgeadh é roimhe seo dóibh.

Tá an deis seo ar fáil in 2023 do dhaoine incháilithe chun an vacsaín HPV a fháil.

### Cé dó a bhfuil an vacsaín á thairiscint?

Tá an vacsaín HPV (Papalómaivíreas Daonna) á thairiscint do:

- Baineannaigh (atá sa 2ú – 6ú bliain faoi láthair) nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu
- Fireannaigh (sa 2ú bliain – 4ú bliain faoi láthair (5ú bliain mura ndearna siad an idirbhliain)) nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu.

Tá vacsaíniú HPV á thairiscint i mbliana do dhaltaí (idir fhir agus mhná) atá sa chéad bhliain faoi láthair mar chuid de ghnáthsceideal imdhíonta na scoile.

### Cé mhéad dáileog a theastaíonn?

Athraíodh moltaí an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) maidir le líon na dáileoga vacsaíne HPV a theastaíonn le déanaí. Ní gá don chuid is mó de dhaltaí ach dáileog amháin den vacsaín HPV a fháil (má tá córas imdhíonachta lag ag do leanbh beidh 3 dháileog ag teastáil uaidh). Tabhair cuairt ar [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie) le haghaidh tuilleadh eolais.

### Cad ba chóir a dhéanamh má tá an vacsaín HPV faighte agat/ag do pháiste cheana féin:

Má tá dáileog amháin ar a laghad den vacsaín HPV faighte ag do pháiste cheana féin, ní bheidh dáileog eile den vacsaín ag teastáil uaidh/uathi. Má tá córas imdhíonachta lag acu agus murar chríochnaigh siad an cúrsa vacsaíne HPV nuair a tairgeadh é, déan teagmháil le foireann vacsaínithe na scoile le do thoil.

### Conas a bhfaighfidh mé an vacsaín do mo pháiste/dom féin?

Má tá do pháiste 15 bliain d'aois nó níos óige agus go bhfuil sé/sí incháilithe do Chlár Cúitimh Vacsaínithe HPV Laura Brennan, déan teagmháil leis an fhoireann vacsaínithe i do cheantar. Tá sonraí teagmhála na foirne ar fáil ar [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie). Is féidir le daoine óga 16 bliana d'aois agus os a chionn iad féin a chlárú le haghaidh Chlár Cúitimh Vacsaínithe HPV Laura Brennan ar [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie).

### Cén uair a dtabharfar an vacsaín?

Féadfaidh foireann vacsaínithe FnaSS cuairt a thabhairt ar do scoil chun an vacsaín a thabhairt nó cuireadh a thabhairt duit chuig clinic imdhíonta.

Má tá aon cheist nó imní ort, tá baill d'fhoireann vacsaínithe na scoile sásta cabhrú leat. Tá na huimhreacha teagmhála do na foirne vacsaínithe ar fáil ar [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie).

Tá tuilleadh eolais ar fáil freisin ar [www.immunisation.ie](http://www.immunisation.ie) agus [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie)

Mise le meas

Dr. Lucy Jessop  
Comhairleach Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannasaí Náisiúnta Imdhíonta  
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta  
MRCN 424447